AN COIMISIÚN EORPACH

# DO SHONRAÍ PEARSANTA A CHOSAINT

**Sa ráiteas príobháideachais seo tugtar eolas faoin dóigh a ndéantar do shonraí pearsanta a phróiseáil agus a chosaint.**

**An oibríocht phróiseála:** Na trialacha ar líne i gcomórtais agus i bpróisis roghnúcháin arna n-eagrú ag EPSO a chur ar fáil.

**Rialaitheoir Sonraí:** EPSO

**Tagairt taifid:** DPR-EC-26928

Clár Ábhar


1. **Réamhrá**
2. **Cén fáth agus cén chaoi a bpróiseálaimid do shonraí pearsanta?**
3. **Cad iad na forais dlí ar a ndéanaimid do shonraí pearsanta a phróiseáil?**
4. **Cé na sonraí pearsanta a bhailímid agus a ndéanaimid tuilleadh próiseála orthu?**
5. **Cá fhad a choinneoimid do shonraí pearsanta?**
6. **Cén chaoi a gcosnaímid do shonraí pearsanta?**
7. **Cé aige a mbeidh rochtain ar do shonraí pearsanta agus cé dó a nochtfar iad?**
8. **Cé na cearta atá agat agus cén chaoi a bhfeidhmítear iad?**
9. **Sonraí teagmhála**
10. **Tuilleadh eolais**

## 1. Réamhrá

Tá an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún' anseo feasta) tiomanta do do shonraí pearsanta a chosaint agus do phríobháideachas a urramú. Déanann an Coimisiún sonraí pearsanta a bhailiú agus a phróiseáil tuilleadh de bhun Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta arna bpróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001).

Mínítear sa ráiteas príobháideachais seo an fáth a bpróiseálaimid do shonraí pearsanta, an dóigh a ndéanaimid na sonraí pearsanta ar fad a thugtar dúinn a bhailiú, a láimhseáil agus a chosaint, an chaoi a n-úsáidtear iad, agus na cearta atá agat maidir le do shonraí pearsanta. Tugtar ann freisin sonraí teagmhála an Rialaitheora Sonraí atá freagrach agus lenar féidir leat do chearta a fheidhmiú, sonraí teagmhála an Oifigigh Cosanta Sonraí agus sonraí teagmhála an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí.

Anseo thíos tá an t-eolas maidir leis an oibríocht phróiseála a dhéanann EPSO 'Trialacha ar líne i gcomórtais agus i bpróisis roghnúcháin arna n-eagrú ag EPSO a chur ar fáil'.

## 2. Cén fáth agus cén chaoi a bpróiseálaimid do shonraí pearsanta?

Cuspóir na hoibríochta próiseála: Bailíonn agus úsáideann EPSO do shonraí pearsanta chun comórtais agus próisis roghnúcháin a eagrú de réir bhrí Airteagal 7 d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis na Rialacháin Foirne.

Ní chumhdaíonn an ráiteas príobháideachais sonraí seo agus an taifead ábhartha ach an oibríocht phróiseála a bhaineann le trialacha ar líne a chur ar fáil d'iarrthóirí i gcomórtais agus i bpróisis roghnúcháin EPSO, mar oibríocht phróiseála aonair, arna cur ar fáil ag TestWe (conraitheoir EPSO).

Is iad na ráitis phríobháideachais sonraí seo a leanas a chumhdaíonn na ráitis phríobháideachais a bhaineann le comórtais agus próisis roghnúcháin arna n-eagrú ag EPSO: EU careers: Is í an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne an áit le tosú! (europa.eu).

I gcás na dtrialacha ar líne, iarrtar ar iarrthóirí scrúdú a dhéanamh trí úsáid a bhaint as an ardán tástála a chuireann TestWe ar fáil. Chuige sin, ní mór bogearraí a shuiteáil go logánta ar ríomhaire na n-iarrthóirí. Déanann na bogearraí íoslódáilte feidhmeanna ríomhaire an iarrthóra a ghlasáil le linn an scrúdaithe, chun cosc a chur ar ghníomhaíochtaí amhail rochtain ar an idirlíon nó ar chainéal cumarsáide, rud a d'fhéadfadh buntáiste éagothrom a thabhairt don iarrthóir. Tá ceamara comhtháite nó ceamara atá ceangailte le ríomhaire an iarrthóra ag teastáil le linn an scrúdaithe.

Déantar céannacht an iarrthóra a fhíorú trína shonraí céannachta a bhailiú agus trí ghrianghraf den iarrthóir a ghlacadh. Ansin ní mór don iarrthóir fístaifeadtaí a dhéanamh ag tús an tseisiúin chun a chinntiú go gcloíonn sé/sí le rialacha agus rialacháin a t(h)impeallachta (i.e. físeán a dhéantar sa seomra ina bhfuil sé/sí, agus físeán de chluasa an iarratasóra).

Le linn an scrúdaithe glactar grianghraif go tráthrialta, gach cúig shoicind, agus déantar an fhuaim a thaifeadadh go leanúnach. Is gá grianghraif a ghlacadh chun aon iompar neamhúdaraithe a bhrath, mar shampla, chun a bhrath an bhfuil roinnt aghaidheanna i láthair. Le taifeadadh fuaime, is féidir a bhrath an labhraíonn an t-iarrthóir le tríú páirtí le linn an scrúdaithe.

Ní úsáidfear do shonraí pearsanta le haghaidh cinnteoireacht uathoibrithe, próifíliú san áireamh.

### 3. Cad iad na forais dlí ar a ndéanaimid do shonraí pearsanta a phróiseáil?

Déanaimid do shonraí pearsanta a phróiseáil ar na cúiseanna seo a leanas:

(a) is gá an phróiseáil a dhéanamh chun cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don institiúid nó don chomhlacht de chuid an Aontais;
(b) is gá an phróiseáil a dhéanamh chun oibleagáid dhlíthiúil a bhfuil an rialaitheoir faoina réir a chomhlíonadh;

Is ar an méid seo a leanas atá an phróiseáil bunaithe:

**– Rialachán Uimh. 31 (CEE)**, 11 (EAEC), ina leagtar amach Rialacháin Foirne na nOifigeach agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (IO 45, 14.6.1962, lch. 1385/62), arna leasú go deireanach le Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún (AE) 2016/1611 an 7 Iúil 2016, go háirithe Iarscríbhinn III de.

**– Cinneadh Uimh. 2002/620/CE** ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle, ón gCoimisiún Eorpach, ón gCúirt Bhreithiúnais, ón gCúirt Iniúchóirí, ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, ó Choiste na Réigiún agus ón Ombudsman Eorpach an 25 Iúil 2002 lena mbunaítear Oifig um Roghnú Foirne na gComhphobal Eorpach.

**– Cinneadh Uimh. 2002/621/CE** ó Ard-Rúnaithe Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin Eorpaigh, ó Chláraitheoir na Cúirte Breithiúnais, ó Ard-Rúnaithe na Cúirte Iniúchóirí, Choiste Eacnamaíoch agus Shóisialta na hEorpa, Choiste na Réigiún, agus ó Ionadaí an Ombudsman Eorpaigh, an 25 Iúil 2002, maidir le heagrú agus feidhmiú Oifig um Roghnú Foirne na gComhphobal Eorpach.

Próiseálaimid catagóirí speisialta sonraí pearsanta atá sonraithe i Roinn 4 ar an gcúis seo a leanas:

(a) tá toiliú sainráite tugtha ag an ábhar sonraí na sonraí pearsanta sin a phróiseáil ar mhaithe le cuspóir sonrach amháin nó níos mó.

### 4. Cé na sonraí pearsanta a bhailímid agus a ndéanaimid tuilleadh próiseála orthu?

Chun an oibríocht próiseála sin a dhéanamh, bailíonn EPSO na catagóirí sonraí pearsanta seo a leanas:

**Sonraí pearsanta na n-iarrthóirí is gá chun trialacha ar líne a eagrú agus a reáchtáil**:

- céadainm, sloinne, seoladh ríomhphoist, uimhir iarratais, na teangacha a roghnaigh an t-iarrthóir le haghaidh na trialach/na dtrialacha, freagraí an iarrthóra ar na trialacha, sonraí an chórais oibriúcháin agus an ghléis a úsáideadh le haghaidh na dtrialacha;
- fothaí ceamara gréasáin le linn na dtrialacha, agus íomhá de dhoiciméad aitheantais (ID) an iarrthóra san áireamh.
- I gcás trialacha ar líne, ní chomhroinntear sonraí pearsanta a bhaineann leis an tsláinte go díreach leis an bpróiseálaí, ach d'fhéadfadh sé go mbeadh cóiríocht speisialta de dhíth ar roinnt iarrthóirí sna trialacha mar gheall ar a riocht sláinte sealadach/buan agus/nó mar gheall ar mhíchumas.

Tá sé éigeantach sonraí pearsanta a chur ar fáil chun ceanglas reachtúil a chomhlíonadh, is é sin comórtais agus próisis roghnúcháin a eagrú le haghaidh roghnú foirne an Aontais.

## 5. Cá fhad a choinnímid do shonraí pearsanta?

I gcás na hoibríochta próiseála lena reáchtáiltear na trialacha ar líne, ní choinníonn EPSO do shonraí pearsanta ach a fhad is gá chun cuspóir a mbailithe a chomhlíonadh nó chun tuilleadh próiseála a dhéanamh orthu, is é sin le haghaidh na dtréimhsí seo a leanas:

- Freagraí na trialach/na dtrialacha agus sonraí arna gcur ar fáil chun na trialacha ar líne a eagrú agus a reáchtáil, stóráiltear iad go ceann bliain amháin ar a mhéad ó dháta na trialach ar líne.
- Íomhánna ceamara gréasáin de na hiarrthóirí: Íomhánna ceamara gréasáin a glacadh de na hiarrthóirí le linn na dtrialacha, agus a ndoiciméad aitheantais san áireamh, stórálann TestWe go ceann 6 mhí iad, agus scriosfar ansin iad. I gcás ina léiríonn íomhánna ceamara gréasáin iarrthóra fianaise shoiléir ar iompar amhrasach le linn na trialach, féadfar íomhánna ceamara gréasáin an iarrthóra a aistriú chuig EPSO, chuig an mbord roghnúcháin agus, i gcás inarb infheidhme, chuig an bhfoireann atá i gceannas ar an ngearán a bhainistiú in Institiúid/sna hInstitiúidí an Aontais lena mbaineann, agus iad a stóráil go ceann 5 bliana ó dháta na trialach ar líne ionas go mbeidh siad ar fáil dá ndéanfaí gearáin de bhun Airteagal 90(2) de na Rialacháin Foirne.

## 6. Cén chaoi a gcosnaímid do shonraí pearsanta?

Stóráiltear na sonraí pearsanta uile atá i bhformáid leictreonach (ríomhphoist, doiciméid, bunachair sonraí, baisceanna sonraí uaslódáilte, etc.) ar fhreastalaithe an Choimisiúin Eorpaigh nó ar fhreastalaithe a chonraitheoirí. Déantar na hoibríochtaí próiseála uile de bhun Chinneadh (AE, Euratom) 2017/46 ón gCoimisiún an 10 Eanáir 2017 maidir le slándáil córas cumarsáide agus faisnéise sa Choimisiún Eorpach.

Tá conraitheoirí an Choimisiúin faoi cheangal clásal conarthach ar leith maidir le próiseáil ar bith a dhéantar ar do chuid sonraí thar ceann an Choimisiúin, agus tá siad faoi cheangal oibleagáidí rúndachta a thagann as trasuí an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí sna Ballstáit (Rialachán 'RGCS' (AE) 2016/679).

Chun do shonraí pearsanta a chosaint, tá roinnt bearta teicniúla agus eagraíochtúla curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún. Ar na bearta teicniúla sin tá gníomhartha iomchuí chun dul i ngleic le slándáil ar líne, leis an mbaol go gcaillfí sonraí, go ndéanfaí sonraí a athrú nó go bhfaighfí rochtain neamhúdaraithe orthu, agus na bearta sin a dhéanamh ar dhóigh a chuireann san áireamh an baol a bhaineann leis an bpróiseáil agus leis na cineálacha sonraí pearsanta a phróiseáiltear. Ar na bearta eagraíochtúla, ní thugtar cead rochtana ar na sonraí ach amháin do dhaoine údaraithe a bhfuil gá dlisteanach acu leo chun críocha na hoibríochta próiseála sin.

## 7. Cé aige a mbeidh rochtain ar do shonraí pearsanta agus cé dó a nochtfar iad?

Tugtar rochtain ar do shonraí pearsanta do na baill foirne de chuid an Aontais Eorpaigh atá freagrach as an oibríocht phróiseála sin a dhéanamh, agus do na baill foirne atá údaraithe de réir an phrionsabail 'ar bhonn riachtanais eolais'. Tá ceangal ar na baill foirne sin cloí le comhaontuithe dlíthiúla rúndachta, agus nuair is gá, le comhaontuithe breise rúndachta.

- Faighteoirí sonraí laistigh den eagraíocht de chuid an Aontais:
    - Boird roghnúcháin, measúnóirí reachtúla agus foireann EPSO.
    - Institiúidí agus comhlachtaí an Aontais Eorpaigh.
    - Cúirteanna an Aontais Eorpaigh, seirbhísí dlí an údaráis ceapacháin lena mbaineann.

    - An Oifig Eorpach Frith-Chalaoise, Oifig Imscrúdaithe agus Araíonachta an Choimisiúin, an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach, agus Cúirt Iniúchóirí na hEorpa.
    - An tOmbudsman Eorpach.
    - An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí.
- Faighteoirí sonraí lasmuigh den eagraíocht de chuid an Aontais:
    - Conraitheoir EPSO atá i gceannas ar eagrú praiticiúil na dtrialacha.

Ní thabharfar an t-eolas a bhailímid d'aon tríú páirtí, seachas a mhéid is gá má éilítear sin de réir dlí agus chun an cuspóir sin a chomhlíonadh.

## 8. Cé na cearta atá agat agus cén chaoi a bhfeidhmítear iad?

Tá cearta sonracha agat mar 'ábhar sonraí' faoi Chaibidil III (Airteagail 14-25) de Rialachán (AE) Uimh. 2018/1725, go háirithe an ceart rochtain a bheith agat ar do shonraí pearsanta agus iad a cheartú i gcás ina bhfuil do shonraí pearsanta míchruinn nó neamhiomlán. I gcás inarb infheidhme, tá sé de cheart agat do shonraí pearsanta a scriosadh, próiseáil do shonraí pearsanta a shrianadh, agóid a dhéanamh i gcoinne na próiseála, agus an ceart chun iniomparthachta sonraí agat.

Maidir le próiseáil ar do shonraí pearsanta a dhéantar go dlíthiúil de bhun Airteagal 5(1)(a), tá sé de cheart agat agóid a dhéanamh i gcoinne na próiseála sin ar chúiseanna a bhaineann go sonrach le do chás féin.

Is féidir leat do chearta a fheidhmiú ach teagmháil a dhéanamh leis an Rialaitheoir Sonraí, nó, i gcás easaontais, leis an Oifigeach Cosanta Sonraí. Más gá, is féidir leat dul i dteagmháil leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí freisin. Tá a gcuid sonraí teagmhála le fáil faoi Cheannteideal 9 thíos.

I gcás inar mian leat do chearta a fheidhmiú i gcomhthéacs oibríochta próiseála ar leith amháin nó níos mó, déan cur síos orthu (i.e. a dtagairt(í) taifid mar atá sonraithe faoi Cheannteideal 10 thíos) i d'iarratas.

## 9. Sonraí teagmhála

- **An Rialaitheoir Sonraí**

Más mian leat do chearta a fheidhmiú faoi Rialachán (AE) 2018/1725, nó má tá tuairimí, ceisteanna nó ábhair imní agat, nó más mian leat gearán a dhéanamh faoi bhailiú agus úsáid do shonraí pearsanta, déan teagmháil le Rialaitheoir Sonraí EPSO trí ríomhphost a sheoladh chuig EPSO-DATA-PROTECTION-COORDINATOR@ec.europa.eu.

- **Oifigeach Cosanta Sonraí an Choimisiúin**

Is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Cosanta Sonraí (DATA-PROTECTION-OFFICER@ec.europa.eu) maidir le ceisteanna a bhaineann le próiseáil do shonraí pearsanta faoi Rialachán (AE) 2018/1725.

- **An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí**

Tá sé de cheart agat dul ar iontaoibh an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí (i.e. is féidir gearán a dhéanamh leis) (edps@edps.europa.eu) má mheasann tú gur sáraíodh do chearta faoi Rialachán (AE) 2018/1725 de thoradh na próiseála a rinne an Rialaitheoir Sonraí ar do shonraí pearsanta.

## 10. Tuilleadh eolais

Foilsíonn an tOifigeach Cosanta Sonraí clár na n-oibríochtaí próiseála go léir ar shonraí pearsanta atá déanta ag an gCoimisiún, oibríochtaí atá doiciméadaithe agus curtha in iúl dó. Tá an clár le fáil ag an nasc seo: http://ec.europa.eu/dpo-register.

Tá an oibríocht phróiseála shonrach sin curtha le clár poiblí an Oifigigh Cosanta Sonraí agus an tagairt taifid seo a leanas ag gabháil leis: DPR-EC-26928